



# Tionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear* Nuachtlitir

## Fáilte chuig an dara heagrán de Nuachtlitir *Síolta Aistear*.

Fáilte chuig an dara heagrán de Nuachtlitir *Síolta Aistear*. Gheobhaidh tú eolas anseo a choinneoidh cothrom le dáta thú ar na forbairtí is déanaí maidir leis na creataí náisiúnta luath-óige, *Síolta* agus *Aistear*, agus maidir le **Treoir Chleachtais Aistear Síolta**, an acmhainn ar líne a dearadh le cabhrú leat *Aistear* agus *Síolta* a úsáid le chéile.

## San eagrán seo, gheobhaidh tú...

- Nuashonrú ar na hathruithe a rinneadh ar [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie)
- Spotsolas ar aistrithe
- Eolas ar uirlisí na pleanála gníomhaíochta
- “An taithí atá agam ar...” an taithí a bhí ag timpeallacht amháin ar pháirt a ghlacadh sa réamhcheardlann nua *Síolta Aistear*
- Liosta timpeallachtaí a bhain bailíochtú Chlár an Dearbhairthe Cáilíochta (QAP) *Síolta* amach in 2017.
- Rannán dar teideal “Cad atá ag tarlú?” a thugann achoimre ar nuacht agus ar dheiseanna forbartha gairmiúla atá le teacht.

The newsletter will be published regularly, so keep an eye out for new issues.

## Athruithe ar [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie)

Beidh cuma nua ar Threoir Chleachtais *Aistear Síolta* go luath! Athbhreithneofar an suíomh gréasáin sna seachtainí atá amach romhainn, agus d’fhéadfadh roinnt cleachtóirí laghdú gairid i seirbhís a fheiceáil i lár mhí na Samhna.

Beidh rannán darb ainm ‘cad atá nua,’ feidhm chuardaigh agus go leor ábhar nua ar [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie) go luath, chomh maith leis na hacmhainní a mbeifeá ag súil leo.

## Spotsolas ar Aistrithe

Tá sé ag an am sin den bhliain arís nuair atá go leor páistí ag aistriú ón mbaile go dtí timpeallacht luath-óige, nó go dtí seomra eile laistigh dá dtimpeallacht. Is féidir le haistrithe a bheith corrraitheach agus strusmhar uaireanta do pháistí, do thuismitheoirí agus do chleachtóirí. Tarraingíonn **Caighdeán 13** d’Aistrithe *Síolta* aird ar an tábhacht a bhaineann le bainistíocht íogair ar aistrithe, ar leanúnachas cúraim, ar chaidrimh agus ar eispéiris do pháistí. Leagann sé béim ar an tábhacht atá le heolas a roinnt idir na daoine ar fad atá páirteach imbianta luath-óige na bpáistí, tuismitheoirí, cleachtóirí, daoine gairmiúla tábhachtacha eile, nuair is cuí, ina measc. Breathnaigh ar **achoimre taighde *Síolta*** ar aistrithe

Tá aistrithe ar cheann de cholúin Threoir Chleachtais *Aistear Siolta*. Gheobhaidh tú físeáin, teimpléid, teimpléid pheanála gníomhaíochta agus uirlis féinmheastóireachta **anseo**. Cuireann an uirlis féinmheastóireachta leideanna ar fáil chun cabhrú leat do mhachnamh a dhéanamh ar do chleachtas agus tá sí roinnte ina ceithre ghné.

1. **Ag bogadh ón mbaile go dtí timpeallacht chúram lae/sheisiúnach**
2. **Aistrithe laistigh den ghnáthamh laethúil**
3. **Aistrithe seomra go seomra**
4. **Aistriú chuig an mbunscoil.**

Cliceáil **anseo** chun an uirlis féinmheastóireachta ar fad a íoslódáil, a shábháil agus chun eagarthóireacht a dhéanamh uirthi, nó cliceáil **anseo** le físeán

a fheiceáil faoin modh a bhí ag timpeallacht amháin chun tacú le páistí agus iad ag bogadh ó sheomra amháin go dtí seomra eile laistigh de thimpeallacht.

Tá an CNCM ag oibriú le líonra réamhscoileanna agus bunscoileanna i dTiobraid Árann, i Luimneach, i Laois agus i nGaillimh chun iniúchadh a dhéanamh ar réimse gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tacú le haistriú na bpáistí ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Mar shampla, úsáid a bhaint as teimpléid éagsúla tuarascála, comhchuartheanna idir an réamhscoil agus an bhunscoil, cruinnithe le tuismitheoirí agus imeachtaí aistrithe. Smaoineoidh an tionscnamh ar an gcaoi is fearr le heolas ábhartha a roinnt idir an réamhscoil agus an bhunscoil chun tacú le haistriú gach páiste. Críochnóidh obair an líonra i lár mhí Dheiradh Fómhair agus eiseofar tuarascáil go luath in 2018. Breathnaigh ar ár gcéad nuachtlitir eile chun tuilleadh eolais a fháil.



## Uirlisí Ginearálta Pleanála

Tar éis dúinn glaonna a fháil ó chleachtóirí agus ó shaineolaithe, d'éisteamar le d'aiseolas agus chumasamar sé uirlis phleanála gníomhaíochta ón Treoir Chleachtais ina haon uirlis amháin. Cuirtear an uirlis phleanála ar fáil chun cabhrú leat pleanáil d'aistrithe i réimse ar leith oibre, mar shampla, timpeallachtaí foghlama nó obair le tuismitheoirí.

Is féidir í a úsáid d'fhorbairt ardchaighdeán agus tá ceangail aici le caighdeán *Síolta*, le treoirlínte *Aistear* le haghaidh dea-chleachtais agus le Colúin Threoir Chleachtais *Aistear Síolta*.

Is féidir leat an uirlis nuashonraithe a fháil **anseo** agus beidh sí ar fáil ar [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie) sna seachtainí atá amach romhainn.

## An taithí atá agam ar...

D'fhorbair Tionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear* ceardlann nua in 2017 dar teideal 'Síolta, Aistear agus an Treoir Chleachtais-Réamheolas'. Cuireadh é seo ar fáil do Mheantóirí *Síolta Aistear* i mBealtaine 2017 agus tá an cheardlann tar éis tosú i roinnt ceantar. An cuspóir atá leis an gceardlann seo ná tuiscint agus feacht ar *Síolta*, *Aistear* agus an Treoir Chleachtais a mhéadú agus tús a chur le hiniúchadh ar na ceangail idir *Síolta* agus *Aistear*. Seo a leanas cuid den aiseolas ón bhfoireann i Naíonra Stepping



Bernie O'Keeffe (Bainisteoir) agus Lisa Kelly (Cleachtóir Cúram Leanaí) ó Réamhscoil Stepping Stones, Luimneach.

Stones a ghlac páirt sa cheardlann seo le Coiste Cúram Leanaí Luimnigh le déanaí:



**Cheapamar go raibh an réamhcheardlann nua 'Síolta, Aistear agus an Treoir Chleachtais'... ina hoscailt mhaith súl agus thug sí bealach éasca dúinn le dul i ngleic le *Síolta*, *Aistear* agus le treoir chleachtais *Aistear Síolta*. Bhí an cheardlann an-tairbheach mar gur chualamar tuairimí cleachtóirí eile cúram leanaí; bhí an deis againn cloisteáil faoin gcaoi ar chuir siad *Síolta* agus *Aistear* i bhfeidhm agus faoi na rudaí a d'oibrigh ní b'fhearr dóibh.**

**Thug an cheardlann ár ndúshlán ach... féinmheastóireacht agus meastóireacht ar an timpeallacht trí chéile a dhéanamh. Bhí sé seo deacair mar go raibh orainn breathnú ar ár gcleachtas ón taobh amuigh agus oibriú le chéile chun é a dhéanamh ní b'fhearr.**

**Conas a chabhróidh sé lenár gcleachtas...**

*Táimid chun dhá phrionsabal Síolta agus Aistear a athbhreithniú gach mí agus úsáidfidimid na huirlisí féinmheastóireachta ón Treoir Chleachtais chun monatóireacht a dhéanamh ar ár gcleachtas agus chun na rudaí a d'fhéadfaimis a dhéanamh le feabhsú a aithint.* //

## Bailíochtuíthe Chlár an Dearbhaithe Cáilíochta *Síolta*

Is próiseas deich gcéim é Clár an Dearbhaithe Cáilíochta (QAP) Síolta, a dearadh chun rannpháirtíocht struchtúrtha, a dtugtar tacaíocht di, a chur ar fáil do thimpeallachtaí luath-óige ar mian leo go ndéanfar measúnú seachtrach ar a gcleachtas in aghaidh caighdeán Síolta agus gnéithe caighdeáin. Caithfidh Meantóir sannta Síolta Aistear a bheith ag timpeallacht chun páirt a ghlacadh sa QAP. Má bhaintear bailíochtú faoi QAP Síolta amach, léiríonn sé díograis i leith oideachas luath-óige ardchaighdeáin a chur ar fáil do pháistí óga agus dá dteaghlach. Ba mhaith linn comhghairdeas ó chroí a dhéanamh leis na timpeallachtaí seo a leanas ar bailíochtaíodh iad go dtí seo in 2017:

- Aghada Parish Community Playgroup, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí
- Ardfinnan Community Playschool, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
- Barnardos Brighter Futures, Cnoc na hAoine, Co. Chorcaí

- Barnardos Bhaile Uí Lachnáin, Co. Bhaile Átha Cliath
- Barnardos Shruth an Mhuilinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
- Barnardos Mhullach Eadrach, Baile Átha Cliath 15.
- Cooley Community Playgroup, Cairlinn, Co. Lú
- Nurture Childcare, Bóthar Chill Rois, Inis, Co. an Chláir
- Spraoi Playschool, Bóthar Dhún Droma, Tiobraid Árann
- Stepping Stones, Baile na hAbhann, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

**Comhghairdeas le gach duine a bhí páirteach, is éacht iontach é seo!**



## Cad atá ag tarlú?

### Ceardlanna nua múscailte feasachta *Síolta*

Léirigh aiseolas ó mheantóirí *Síolta Aistear* go raibh gá le ceardlanna nua múscailte feasachta *Síolta* a fhorbairt. Tagann siad in áit na 16 cheardlann aonair a dhírigh ar gach caighdeán *Síolta*. Tá ceithre cheardlann ann anois agus díríonn gach ceann acu ar ghrúpaí de chaighdeáin *Síolta* atá ceangailte le chéile. Téigh i dteagmháil le do CCC, do NVCO nó do chlár ABC áitiúil le tuilleadh eolais a fháil.

### Acmhainní nua QAP *Síolta*:

Forbraíodh roinnt acmhainní nua, foireann uirlisí le haghaidh cur i bhfeidhm QAP ina measc, do thimpeallachtaí a bhfuil páirt á glacadh acu i gClár foirmiúil Dearbhaithe Cáilíochta (QAP) *Síolta*. Chuir taithí na meantóirí agus na dtimpeallachtaí, a ghlac páirt i QAP ón uair a thosaigh sé, bonn eolais fúthu.

### Lámhleabhar nua *Síolta*

San eagrán deireanach den nuachtlitir, dúramar go raibh lámhleabhair *Síolta* á gcur le chéile i lámhleabhar amháin. Is féidir leat teacht ar na lámhleabhair ar líne anois ach cliceáil [anseo](#) nó is féidir leat cóip chrua a ordú ó fhoilseacháin rialtais ach glaoch a chur ar 01 6476834 nó ríomhphost a chur chuig [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie). Cosnaíonn na lámhleabhair cúig euro an chóip (tá an postas saor in aisce).

### Réamhcheardlann Nua - '*Síolta, Aistear agus an Treoir Chleachtais*'

Chruthaigh Tionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear* réamhcheardlann nua dar teideal '*Síolta, Aistear agus an Treoir Chleachtais - Réamheolas*'. Is í an cheardlann an 'chéad chéim' do dhaoine atá ag iarraidh níos mó eolais a bheith acu faoi *Shíolta, an Creat Náisiúnta um Oideachas Luath-Óige* (2006) agus faoi *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (2009). Cuirfidh an cheardlann Treoir Chleachtais *Aistear Síolta* i láthair freisin agus tabharfaidh sí achoimre ar na roghanna atá ann do chleachtóirí agus do thimpeallachtaí ar mian leo níos mó a bheith ar eolas acu maidir leis an dá chreat/creat amháin a chur i bhfeidhm. Téigh i dteagmháil le do CCC, d'Eagraíocht Náisiúnta Dheonach um Chúram Leanaí nó do chlár ABC áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil.



## Cad atá ag tarlú?

### **Acmhainní do Threoir Chleachtais nua Aistear Síolta**

Cuireadh acmhainní nua leis an Treoir Chleachtais ó foilsíodh ár nuachtlitir dheireanach

Físeán a taifeadadh le Evelyn Egan Rainy, léachtóir san Oideachas Luath-Óige in CIT;

- **[Na hamharc-ealaíona i gcuraclam ar bhonn fiosraithe atá ag teacht chun cinn;](#)**
- **[Griogadh agus an timpeallacht foghlama;](#)**
- **[Trí smaoineamh chun tacú leis na hamharc-ealaíona i gcuraclam ar bhonn fiosraithe atá ag teacht chun cinn \(Breith-6 bliana\)](#)**

Físeáin a phleanáil agus measúnú a dhéanamh orthu, as Gaeilge:

- **[Mo Turas sa Naoínra \(páistí 3-6 bliana\);](#)**
- **[Síolta agus Aistear sa Naoínra;](#)**
- **[Grianghraif á gcomhroinnt le tuismitheoirí;](#)**
- **[Gruaige catach Ag úsáid ábhair suime na bpáistí mar bhonn pleanála \(3-6 bliana\);](#)**
- **[Bláthanna deasa buí Ag úsáid ábhair suime na bpáistí mar bhonn pleanála \(3-6 bliana\)](#)**

Físeán faoi ghrianghraif a roinnt le tuismitheoirí ar líne; **[Grianghraif a roinnt le tuismitheoirí \(3-6 bliana\)](#)**

Físeán faoin gcaoi a gcuireann timpeallacht amháin *Síolta* i bhfeidhm i seomra an linbh: **[An taithí atá agam ar Shíolta a chur i bhfeidhm i seomra an linbh](#)**

Leidbhileog nua scéimre ar fáil **[anseo](#)**.



## Meastóireacht ar Cheardlanna agus ar Chlár Píolótach *Aistear*

Idir Feabhra agus Meitheamh 2017, ghlac 400 cleachtóir ó 162 timpeallacht páirt i gceardlanna agus i gclár píolótach *Aistear*. Ghlac cleachtóirí agus bainisteoirí páirt i ndeich n-uair an chloig de cheardlanna (5 cheardlann dhá uair an chloig) agus i gceithre uair an chloig d’oilíúint in aghaidh an duine, a dhírigh ar Bhunchlocha Curaclaim agus colún na Pleanála agus an Mheasúnaithe ó ***Threoir Chleachtais Aistear Siolta***.

Tá deireadh tagtha leis an gclár píolótach anois agus tá na hábhair á meas. Mar sin, bí cinnte go seiceálann tú ár gcéad nuachtlitir eile don eolas is deireanaí.



Cleachtóirí ó Little Turtles, Butterflies Community Playgroup, Griffith Community Playgroup, Glenhill Community Playgroup agus MODG Playgroup i bhFionnghlas agus i nGlas Naíon lena dteastais Cheardlanna agus Oilíúna *Aistear*.

## Cuir do chuid smaointe chugainn!

Ós rud é gur tionscnamh nua é seo, cuirimid fáilte roimh d’aiseolas agus do mholtaí. Cuir na rudaí ar mhaith leat a fheiceáil in eagráin na nuachtlitreach amach anseo in iúl dúinn ach ríomhphost a chur chugainn ag

[earlychildhood@education.gov.ie](mailto:earlychildhood@education.gov.ie).

